TEASTAS UM
OIDHREACH ÉIREANNACH

Conas Iarratas a Chur Isteach

Cé ar féidir leo iarratas a chur isteach?

Má tá sinsear agat a rugadh in Éirinn, d'fhéadfá iarratas a dhéanamh. Ni foláir do gach aon duine iarratas a dhéanamh ar a Theastas féin, seachas i gcás páiste faoi 18, nuair a d'fhéadfaidh Tuismitheoir nó Caomhnóir iarratas a dhéanamh.

Nóta: Beidh Cárta Bronntanais ar fáil roimh Nollaig 2011. In ainneoin go mbeidh ar an duine a fhaigheas an Cárta Bronntanais iarratas a dhéanamh i gcáil phearsanta, is bronntanas álainn fós é. D'fhéadfá é a fheabhsú fós trí eolas faoina shinsear a aimsiú roimh ré, ionas gur féidir leo iarratas a dhéanamh go héasca agus gheofaidh siad a dTeastas go luath.

Sula gcuireann tú iarratas isteach

Beidh ort an t-eolas agus na doiciméid seo a leanas a chur le chéile

- Do sheoladh r-phoist
- Do Chomhartha Aitheantais – íomhá scanta do Cheadúnas Tiomána. Pas, Cárta Slándála Sóisialaí nó Aitheantas Náisiúnta Doiciméad
- Ainm(neacha) sinsir nó dhó a bheidh ar an Teastas.
- Bliain agus ionad breithe do shinsir más rotha leat, ach léireofar iad má tá siad agat.
- Do dhoiciméad ar Shinsear (féach an chuid ar leith thíos)
- Ainmneacha na ndaoine sa sliocht idir tusa agus do shinsear

Tabhair aire go nglactar le híocaíocht le cárta MasterCard nó le cárta Visa . Ba chóir duit cuairt a thabhairt ar an Áiléar Deartha ar an suíomh gréasáin chun amharc ar na Dearaí Teastais, mar beidh ort do rogha a chur in iúl mar chuid den phróiseas iarratais.

Do Dhoiciméad ar Shinsear

Beidh doiciméad amháin riachtanach ina bhfuil ainm do shinsear agus a léiríonn go raibh a ionad bhreithe ar oileán na hÉireann, nó go raibh náisiúntacht Éireannach aige. Baineann seo leis an gcéad sinsear amháin; má tá dara cheann ainmnithe agat, ní bheidh doiciméad breise riachtanach.

Soláthraítear treoir mionsonraithe ar an suíomh gréasain le do dhoiciméad a aimsiú. Más eol duit cathain ar fhág do shinsear slán le hÉirinn (roimh 1864, 1864-1900, 1901 ar aghaidh) agus an tír a ndeachaigh sé/sí chuige, léireofar duit an láthair is dóchúla le haghaidh taifead iomchuí a fháil.

Tabhair aire nach bhfuil sé riachtanach gur as Éirinn na doiciméid (mar Daonáireamh nó teastas breithe/pósta/báis) - i gcásanna áirithe beidh sé níos éasca doiciméid a fháil sa tír inar lonnaigh do shinsear faoi.

Más rud é gur léigh tú an treoir ar líne, ach tá ceisteanna fós agat, nó go bhfuil sé deacair duit an doiciméad a mholamar a fháil, déan teagmháil linn le r-phost nó ar an guthán. Ar a laghad ní foláir duit eolas a bheith agat faoi ainm do shinsear agus a bheag nó a mhór cathain ar fhág siad Éire. I gcásanna nach bhfuil na doiciméid ar fáil ar chor ar bith, beidh tú in ann mionscríbhinn a sholáthar - féach an suíomh gréasáin lena thuilleadh eolas agus teimpléad a fháil.

Na príomhchéimeanna sa phróiseas iarratais

Céim 1: Téigh chuig www.heritagecertificate.ie agus cruthaí cuntas, le d'ainm agus le sonraí teagmhála.

Céim 2: Cuir isteach an t-eolas riachtanach maidir leat féin, le do shinsear agus le do shliocht. Uaslódáil do chuid doiciméad scanta.

Céim 3: Roghnaigh do Dhearadh Teastais agus cuir isteach d'eolas loingis agus billeála Ligfidh an córas duit iarratas nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán a shábháil, ionas gur féidir leat filleadh ar dháta nios déanaí chun é a chomhlanú.

Gheofaidh tú r-phost ag deimhniú go bhfuil d'iarratas á phróiseail againn. Má bhíonn aon fhiosrúchán againn cuirfimid r-phost ar leith chugat, laistigh de 5 lá. Agus

d'iarratas faofa cuirfimid r-phost chugat á dheimhniú an méid sin agus leanfaidh do Theastas i 2-3 sheachtain ag brath ar cheann scríbe an seachadtha.

Iarratais thar ceann páistí faoi-18

Is próiseas ar leith an iarratas ach tá sé cosúil leis an gnathcheann. Ní foláir duit cóip scanta Teastas Breithe do pháiste a bheith agat sa bhreis ar an ghnáthliosta thuas. Más rud é nach bhfuil an t-ainm ar do Dhoiciméad Aitheantais cosúil le hainm an pháiste, beidh ort doiciméad breise a uaslódáil mar Ghníomhas Caomhnóireachta nó doiciméad a dhearbhaíonn athrú ainm tuismitheora – mar dheimhniú pósta.

Eisiú do Theastais

Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, déanfar léirmheas air chun é a chinntiú go bhfuil an t-eolas go léir atá riachtanach agus an doiciméadú i gceart. Dhéanfaimid teagmháil leat le r- phost má tá aon saincheisteanna, agus oibreoimid leat chun iad a shárú. Agus é faofa dhéanfar do Theastas a phriontáil agus seolfar é chugat laistigh de 10 lá chuig an seoladh seachadtha a chuir tú isteach, Ag eochair-chéimeanna gheobhaidh tú nuashonrú stádais ar r-phost, Gheofaidh tú uimhir ordaithe ar r-phost chomh maith agus beidh tú in ann é sin a úsáid le haghaidh rianú. De ghnáth tógann loingeas suas le seachtain amháin.

Táillí agus Loingeas

€40 an táille Teastais, móide loingeas. Má roghnaigh tú an Fráma, cosnaíonn sé €60 sa bhreis. Cuirfear do dhochar do chárta nuair a chuireann tú an t-iarratas isteach. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le haghaidh ár mbeartas i dtaobh aisíocaíochtaí.

Dhéanfar gach costas loingis a thaispeáint go soiléir roimh duit ordú agus d'fhéadfaí iad a fheiceáil ar an suíomh gréasáin roimh duit iarratas a chur isteach. D'fhéadfaí amharc ar gharphraghasanna in airgeadraí eile ar an suíomh gréasáin.

Seirbhís do Chustaiméirí

Táimid ar fáil ar r-phost aon uair ar bith, agus ar ghuthán ag na huaireanta seo a leanas, ó Luan go hAoine:

SAM & Ceanada: 9-5 EST

An Eoraip: 2-10 GMT

Má tá fiosrúchán agat faoi dhoiciméad ar shinsear a aimsiú, ar a laghad ni foláir duit eolas a bheith agat faoi ainm do shinsir agus a bheag nó a mhór cathain ar fhág siad Éire.

Oibríonn FEXCO[2] Teastas um Oidhreachta Éireannach thar ceann [3]Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hÉireann[4] Cóipcheart An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hÉireann © 2011 www.heritagecertificate.ie | help@heritagecertificate.ie